Athbhreithnithe Márta 2009

DEIMHNIÚ & ORDÚ IONTRÁLA CHUN OTHAR DEONACH A CHOIMEÁD AG SÍCIATRAÍ COMHAIRLEACH FREAGRACH

FOIRM 13

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT (23) & (24)

LEATHANACH 1 DE 3

MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

BLOCLITREACHA (Sula líontar an fhoirm seo léigh na nótaí thall le do thoil)
Ní mór Cuid a hAon, Cuid a Trí agus Cuid a Trí a shíniú)

CUID A hAon

1. Ainm Iomlán agus Seoladh Baile an Duine

Inscne F ☐ B ☐

2. Uimh. PSP ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

3. Dáta Breithe ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

4. Ainm agus Seoladh an Ionaid Fhormheasta

Barda:

5. Sonraigh dáta agus am Úsáideadh Acht 2001 chun an t-othar deonach a choimeád

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Am: ☐☐:☐☐
(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

6. Sonraigh ainmniúchán an té atá freagrach as coimeád de bhun Alt 23(1) den Acht Meabhair-Shláinte 2001

síciatraí ☐ cleachtóir míochaine cláraithe ☐ altra cláraithe ☐

Rinne mise, _____ (Ainm Iomlán an tSíciatraí Chomhairligh Fhreagraigh)

7. De bhun Alt 24(1) den Acht Meabhair-Shláinte 2001

Seoladh gairmiúil an tSíciatraí Chomhairligh Fhreagraigh (más éagsúil le cuid 4 thuas)

scrúdú ar an othar seo ar

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ Am: ☐☐:☐☐
(clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41)

8. I mo thuairim féin, tá mí-eagar meabhrach ar an othar seo-

(a) mar gheall ar a throime agus atá an tinneas, an mí-eagar nó an néaltrú seo tá cosúlacht mhór ann go ndéanfaidh an duine atá i gceist díobháil throm láithreach dó/di féin nó do dhaoine eile ☐

NÓ

(b) (i) mar gheall ar a throime agus atá tinneas, mí-eagar nó néaltrú an duine atá i gceist, tá an oiread sin dochair déanta do bhreith an duine atá i gceist gur cosúil go dtiocfadh laghdú mór ar riocht an duine mura gcuirfí in ionad formheasta é/í agus nach bhféadfaí an chóireáil chuí a dhéanamh, cóireáil nach bhféadfaí a thabhairt ach dá gcuirfí isteach san ionad é/í ☐

AGUS

(ii) gur cosúil go gcuirfí feabhas ar riocht an duine atá i gceist ar bhealach ábhartha dá nglacfaí isteach in ionad formheasta é/í, dá gcoimeádfaí ansin é/í, agus dá dtabharfaí cóireáil dó/di. ☐

NÓ

(a) (mar atá thuas) agus (b) (mar atá thuas)

Tá mo thuairim thuas bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas:–

9. Tabhair cur síos cliniciúil ar na cúiseanna gur tagadh ar an tuairim ag Uimh. 8

Sínithe _____ (Síciatraí Comhairleach Freagrach)

Le húsáid de réir na n-Achtanna Meabhair-Shláinte 2001 agus 2008 amháin.

Athbhreithnithe Márta 2009

DEIMHNIÚ & ORDÚ IONTRÁLA CHUN OTHAR DEONACH A CHOIMEÁD AG SICÍATRAÍ COMHAIRLEACH FREAGRACH

FOIRM 13

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT (23) & (24)

LEATHANACH 3 DE 3

MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

CUID A DÓ – DEIMHNIÚ ALT 24(2)(a)

Tá an deimhniú seo le líonadh ag síciatraí comhairleach eile tar éis tarchuir ag an síciatraí comhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an duine

10. Ainm an Duine

11. Ainm Iomlán agus Seoladh Gairmiúil an tSíciatraí Chomhairligh

RINNE MISE,

AS

Scrúdú ar an duine thuasluaite agus;

12. Táim den tuairim go bhfuil mí-eagar meabhrach ar an duine, agus mar gheall ar an mí-eagar sin gur cheart é/í a choimeád san ionad formheasta

13. Tabhair cur síos cliniciúil ar na cúiseanna gur tagadh ar an tuairim a cuireadh in iúl ag Uimh. 12.

NÓ

14. Táim den tuairim nach bhfuil mí-eagar meabhrach ar an duine agus nár cheart é/í a choimeád san ionad formheasta ar na cúiseanna seo a leanas.

15. Tabhair cur síos cliniciúil ar an cúiseanna ar tagadh ar an tuairim a cuireadh in iúl ag Uimh. 14

Sínithe: _____ **(Síciatraí Sainchomhairleach)**

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** (clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41) ☐☐:☐☐

CUID A TRÍ – ORDÚ IONTRÁLA

16. Eisíodh deimhniú faoi *Fho-alt 24(2)(a)* ag dara síciatraí comhairleach. De réir *Alt 24(3) agus (4)* déanaim ordú um ghlacadh isteach chun an duine thuasluaite a ghlacadh isteach, a choimeád agus a chóireáil ar feadh tréimhse 21 lá ón dáta a rinneadh an t-ordú seo.

17. Nílim dícháilithe ó ordú um ghlacadh isteach a dhéanamh. ☐

18. Laistigh de 24 uair an chloig ón ordú seo a dhéanamh;

- Tabharfaidh mé fógra scríofa don Othar mar a cheanglaítear ag *Alt 16(1)(b)* agus *16(2)* den Acht Meabhair-Shláinte 2001; ☐
- Seolfaidh mé cóip den Ordú chuig an gCoimisiún mar a cheanglaítear ag *Alt 16(1)(a)* ☐

Sínithe: _____ **(Síciatraí Comhairleach Freagrach)** ☐☐

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Am:** (clog 24 uair m.sh. scríobhtar 2.41i.n. mar 14.41) ☐☐:☐☐

Le húsáid de réir na n-Achtanna Meabhair-Shláinte 2001 agus 2008 amháin.

Níl i gceist leis na nótaí seo ach treoir a chur ar fáil agus ní hionann iad agus ráiteas cruinn ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Díscaoileadh na Boird Sláinte leis an Acht Sláinte 2004. Ba chóir tagairtí do Bhoird Sláinte san Acht Meabhair-Shláinte 2001 a thuiscint mar thagairtí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

AILT DEN ACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

15.— (1) Tabharfaidh an t-ordú iontrála an t-údarás chun an t-othar lena mbaineann a ghlacadh, a choinneáil agus a chóireáil agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh 21 lá ón dáta a ndéanfar an t-ordú, agus faoi réir fo-alt (2) agus fo-alt 18(4), imeoidh sé as feidhm ansin.

(2) Féadfar an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a fhadú le hordú (dá ngairtear "ordú athnuachana" san Acht seo) ón síciatraí comhairleach atá freagrach as cúram agus as cóireáil an othair lena mbaineann ar feadh tréimhse breise nach mó ná 3 mhí.

(3) Féadfar an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a shíneadh ar feadh tréimhse breise le hordú ón síciatraí comhairleach lena mbaineann ar feadh tréimhse nach mó ná 6 mhí dar tosach an lá nuair a bheidh an t-ordú athnuachana a rinne an síciatraí faoi fho-alt (2) caite agus féadfar an tréimhse a shíneadh arís ina dhiaidh sin le hordú ón síciatraí ar feadh tréimhsí nach sáróidh 12 mhí (ar orduithe iad dá ngairtear "ordú athnuachana" chomh maith san Acht seo).

(4) Ní dhéanfar an tréimhse a bhfuil tagairt di i bhfo-alt 1 a shíneadh faoi fho-alt (2) ná (3) ach amháin má tá scrúdú déanta ag an síciatraí comhairleach atá i gceist ar an othar atá i gceist agus go bhfuil sé deimhnithe aige/ aici i bhfoirm a shonróidh an Coimisiún go bhfuil mí-eagar meabhrach ar an othar fós agus gan é sin a bheith níos luaithe ná seachtain sula ndéanfar an t-ordú.

16.— (1) Áit a ndéanann síciatraí comhairleach ordú iontrála nó ordú athnuachana, ní foláir dó nó di, tráth nach faide ná 24 uair ina dhiaidh—

(a) cóip den ordú a sheoladh go dtí an Coimisiún, agus
(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don othar faoin ordú arna dhéanamh.

(2) Beidh ráiteas i scríbhinn san áireamh i bhfógra faoin alt seo agus is é a bheidh i gceist leis maidir leis on othar ná—

(a) go mbeidh sé/sí á c(h)oinneáil de bhun alt 14 nó 15, de réir mar a bheidh amhlaidh,
(b) go mbeidh sé/sí i dteideal ionadaíochta dlíthiúla,
(c) go dtabharfar cur síos ginearálta ar an gcóireáil a bheartófar a thabhairt dó/di le linn dó nó di a bheith á c(h)oinneáil,
(d) go mbeidh sé/sí i dteideal dul i dteagmháil leis an gCigire,
(e) go ndéanfar athbhreithniú ar a c(h)oinneáil ag binse de réir forálacha alt 18,
(f) go mbeidh sé/sí i dteideal achomharc a dhéanamh don Chúirt Chuarda i gcoinne cinnidh binse faoi alt 18 má tá sé nó sí faoi réir ordaithe athnuachana, agus
(g) go bhféadfar é/í a ghlacadh isteach san ionad formheasta lena mbaineann mar othair deonach má thugann sé nó sí le fios go bhfuil sé nó sí ag iarraidh go nglacfaí isteach é/í ar an mbealach sin.

(3) Sa chuid seo áireoidh tagairtí d'ordú iontrála tagairtí don mholadh ábhartha agus don iarratas ábhartha.

23.— (1) Áit a dtugann duine (seachas leanbh) atá á chóireáil in ionad formheasta mar othar deonach le fios aon uair go dteastaíonn uaidh/uaithi imeacht ón ionad formheasta, ansin, má tá síciatraí comhairleach, cleachtóir míochaine cláraithe nó altra cláraithe ar fhoireann an ionaid fhormheasta den tuairim go bhfuil mí-eagar meabhrach ar an duine, féadann sé/sí an duine a choimeád ar feadh tréimhse nach sáróidh 24 uair nó tréimhse níos giorra de réir mar a d'fhéadfaí a ordú, ag tosú ag an am thuasluaite.

(2) Áit a dtugann tuismitheoirí linbh atá á chóireáil in ionad formheasta mar othar deonach, nó ceachtar acu, nó duine ag gníomhú in loco parentis le fios go dteastaíonn uaidh/uaithi an leanbh a thógáil ón ionad formheasta agus a bhfuil síciatraí comhairleach, cleachtóir míochaine cláraithe nó altra cláraithe ar fhoireann an ionaid fhormheasta den tuairim go bhfuil mí-eagar meabhrach ar an leanbh, d'fhéadfaí an leanbh a choimeád agus a chur faoi choimeád an bhoird sláinte don cheantar a bhfuil sé nó sí ann de thuras na huaire.

(3) Áit a gcoimeádtar leanbh de réir an ailt seo, mura bhfilleann sé an leanbh ar a t(h)uismitheoirí, nó ar cheachtar acu, nó ar dhuine atá ag gníomhú in loco parentis, déanfaidh an bord sláinte iarratas faoi alt 25 ag an gcéad suí eile den Chúirt Dúiche a reáchtálfar sa dúiche cúirte dúiche céanna nó, i gcás nach bhfuil an chéad suí le reáchtáil laistigh de 3 lá ón dáta ar cuireadh an leanbh faoi chúram an bhoird sláinte, ag suí den Chúirt Dúiche, a eagraíodh go speisialta, agus a reáchtálfar laistigh de na 3 lá luaite, agus coimeádfaidh an bord sláinte an leanbh faoi choimeád ar feitheamh na héisteachta don iarratas sin.

(4) Beidh forálacha alt 13(4) den Acht um Chúram Sláinte, 1991, i bhfeidhm maidir le hiarratas den sórt sin a dhéanamh i dtaobh linbh a mbaineann an t-alt seo leis/léi i dteannta le haon leasuithe riachtanacha.

24.— (1) Áit a gcoimeádtar duine (seachas leanbh) de bhun alt 23, sula ndéanfar an duine a choimeád scaoilfidh an síciatraí comhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an duine é nó í nó socróidh sé/sí go ndéanfadh síciatraí comhairleach eile nach céile/gaol leis an duine é/í scrúdú air/uirthi.

(2) Tar éis scrúdaithe den sórt sin—

(a) má tá an dara síciatraí comhairleach a luadh cinnte go bhfuil mí-eagar meabhrach ar an duine, eiseoidh sé nó sí deimhniú scríofa i bhfoirm a shonrófar ag an gCoimisiún, ag sonrú go bhfuil sé nó sí den tuairim gur cheart an duine a choimeád san ionad formheasta mar gheall ar an mí-eagar meabhrach sin, nó
(b) mura bhfuil sé nó sí cinnte go bhfuil sé amhlaidh, eiseoidh sé nó sí deimhniú scríofa i bhfoirm a shonrófar ag an gCoimisiún, ag sonrú go bhfuil sé nó sí den tuairim nár cheart an duine a choimeád amhlaidh agus ansin scaoilfear amach an duine.

(3) Áit a n-eisítear deimhniú faoi fho-alt (2)(a), díreach sula ndéanfar an duine a choimeád déanfaidh an síciatraí comhairleach ata freagrach as cúram agus cóireáil an duine ordú iontrála i bhfoirm a shonrófar ag an gCoimisiún chun an duine a ghlacadh isteach, a choimeád agus a chóireáil san ionad formheasta.

(4) Beidh forálacha alt 15 go 22 i bhfeidhm i gcás duine atá a choimeád faoin alt seo mar a bheidh siad i bhfeidhm i gcás duine atá á choimeád faoi alt 14 i dteannta le haon leasuithe riachtanacha.

(5) Chun críocha scrúdú a dhéanamh faoi fho-alt (2), beidh an síciatraí comhairleach i dteideal dul i bhfeighil an duine atá i gceist ar feadh an tréimhse 24 uair an chloig a bhfuil tagairt di in alt 23.

(6) Áiríonn tagairtí san alt sin don síciatraí comhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an duine tagairtí do shíciatraí comhairleach atá ag gníomhú ar son an tsíciatraí chomhairligh a luadh ar dtús.